

PÁIDIR LE RÁDH ROIMH AN EISÉINNE

Faoin am ar céasadh Mac Dé
Is in éinfheacht a deirtear an dá phaidir

Nach iongantach nár ghoil tú nuair a d'fhuiling tú an pháis
's an ch iongantach nár ghoil tú nuair a d'fhulaing tú an bás
nach iongantach nár ghoil tú nuair a d'fhulaing tú an sgiúrsadh cnámh
agus ghoil tú faoi pheacadh Shíl Éabha is Ádhaimh.

D'eirigh an Mhaighdean suas go hard
Agus chonnic sí an fear agus an tsleagh ina láimh
Thug sé an iarracht ar an gcroidhe a bhí slán
Agus chuala sí an osna a bhí ag Mac na nGrást.

Sacraiméid bheannuighthe fuil agus feoil
Corp agus anam ár Slánuightheoir
Ó Íosa Críost a céasadh beo
Cuimrigh ár n-anam ort a Shlánuightheoir

10/1/34

An oidhche a rinneadh brath ar Íosa, nuair a bhí sé sa ngairdín, thuit an Mhaighdean féin ina
codladh. Bá mhór ag Íosa an méid a bhí sé a guil tríd gan fios a bheith ag an máthair faoi ar
fhaithíos go sgannróchadh sí.